Beartas Ghaelcholáiste Phort Láirge um Úsáid Substaintí	***Substance Misuse Policy*** 
Réamhrá Tá an polasaí seo i gcomhréir leis na treoracha a d'eisigh an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le cur i bhfeidhm Polasaí Úsáide Substaintí i Scoileanna. Tá sé le léamh in éineacht le polasaithe eile scoile ar nós: • Cód Iompair na Scoile • An Polasaí Sláinte & Sábháilteachta • Polasaí Riaradh Cógais • Polasaí Turas Scoile. • Polasaí OSPS **<u>Sainspiorad an Ghaelcholáiste</u>** Cuirimid romhainn sa Gaelcholáiste feidhmiú go dílis laistigh d'ár Shainspiorad mar a chuirtear in iúl inár Ráiteas Éitis a deir: *"Scoil lán-Ghaeilge í Gaelcholáiste Phort Láirge (GCPL) a fheidhmíonn mar mheitheal oibre ina bhfuil sé de dhulgas ar an bPríomhoide, ar an bhfoireann bhainistíochta, agus ar gach múinteoir éiteas táirgiúil, tairbheach, taitneamhach agus sláintiúil a chruthú. Iarrtar ar phobal na scoile (scoláirí, tuismitheoirí agus an fhoireann iomlán) an t-éiteas seo a thabhairt chucu féin agus í a fhorbairt i ngach bealach".* **<u>Foirmiú an Pholasaí</u>** Bhí baint ag múinteoirí, tuismitheoirí, Comhairle na Scoláirí agus ag an mBord Bainistíochta i gcur le chéile an pholasaí seo mar chomhpháirtithe a roinneann fís comónta don scoil. **<u>Teacht ar an bPolasaí</u>** Tá an polasaí seo ar fáil d'aon scoláire nó tuismitheoir ó oifig na scoile agus ar fáil ar shuíomh gréasán na scoile.	***Introduction*** *This policy is consistent with the guidelines issued by The Department of Education and Skills regarding the implementation of a Substance Use Policy in Schools . It is to be read in conjunction with other school policies such as:* • *The Code of Behaviour* • *Health and Safety Policy* • *Administration of Medication Policy* • *School Tour Policy* • *SPHE Policy* ***<u>The Defining Spirit of the Gaelcholáiste</u>*** *The Gaelcholáiste sets itself the task of operating faithfully within its Characteristic Spirit as is expressed in our Ethos Statement which says:* *"Gaelcholáiste Phort Láirge (GCPL) is an all Irish school that operates a co-operative working model where it is the duty of the Principal, management team and every teacher to create a beneficial, productive, enjoyable and safe environment. The school community (pupils, parents and the school staff) are asked to embrace this ethos and foster it in every way possible".* ***<u>Formation of the Policy</u>*** *Teachers, parents, Student Council and the Board of Managements were all involved in the formation of this policy.* ***<u>Access to the Policy</u>*** *This policy is available for any student or parent from the school office and on the school's website, www.gcpl.ie.*

Sainmhíniú ar Dhruga

Sainítear druga mar *'shubstaint ar bith a athraíonn an slí ina bhfeidhmíonn an corp go meabhrach, go fisiciúil nó go mothúchánach'.* Cuimsíonn sé seo cógais thar an gcuntar agus cógais fhorordaithe, tobac, toitíní agus véipeanna , alcól, tuaslagóirí, aerasóil, drugaí agus gach substaint mhíhdhleathach.

Réasúnaíocht an Pholasaí

- Scoil a chothaíonn an t-sláinte is ea Gaelcholáiste Phort Láirge.
- Tuigeann an Gaelcholáiste na torthaí taighde maidir leis na fadhbanna a bhaineann le mí-úsáid drugaí nó alcóil.
- Aithnítear go dtarlaíonn míúsáid substaintí sa phobal. Mar sin is féidir leis an scoil mar chuid den phobal eachtraí míúsáide substaintí a bheith acu agus caithfear iad a láimhseáil ar bhealach cóir, comhsheasmhach agus íogair, leis an tsláinte, sábháilteacht, cúram, cosaint agus leas scoláirí agus pobal na scoile uile mar phríomhábhar cúraim.
- Tá freagracht ar an mBord Bainistíochta, ar an bhfoireann, ar na scoláirí mar chuid de phobal leathan na scoile a chinntiú go nglactar leis agus go gcuirtear i bhfeidhm an Beartas um Úsáid Substaintí seo. Beifear ag súil le tacaíocht na dtuismitheoirí freisin leis an bpolasaí seo a chur i bhfeidhm.
- Luíonn an Beartas um Úsáid Substaintí seo le Ráiteas Sainspioraid an Choláiste agus tacaíonn sé le ról an Choláiste timpeallacht slán, tacúil, oideachasúil a chur ar fáil dá scoláirí.
- Forchoimeádann an Gaelcholáiste an ceart chun éiteas na scoile a chosaint agus a chothú trí chaighdeán ard iompair a éileamh agus a chur chun cinn agus, mar chuid de sin, cosc a chur le seilbh, le húsáid nó le soláthar drugaí, substaintí mídhleathacha nó le halcól.

Drug Definition

For the purpose of this policy, a drug is any substance which changes the way the body functions mentally, physically or emotionally. It includes over the counter and prescribed medicines, tobacco, cigarettes and vapes, alcohol, solvents, drugs and all illegal substances.

Policy Rationale

- *Gaelcholáiste Phort Láirge is a health promoting school.*
- *The Gaelcholáiste is aware of the research findings in relation to the problems associated with the abuse of drugs and alcohol.*
- *It recognises that substance misuse takes place in the community. The school as part of the community can therefore have incidents of substance misuse which need to be handled in a fair, consistent and sensitive way, with the health, safety, care, protection and welfare of students and the whole school community as its central concern.*
- *It is the responsibility of Board of Management, staff, students in their roles as part of the wider school community to ensure that this Substance Use Policy is accepted and implemented. The support of parents in the operation of this policy is also expected.*
- *This Substance Use Policy is in line with the Defining Spirit Statement of Gaelcholáiste Phort Láirge and it supports the role of the College in providing a safe, supportive, educational environment for its students.*
- *The Gaelcholáiste reserves the right to protect and nurture the ethos of the school by seeking and promoting high standards of behaviour and, as part of this right, to prohibit the possession, use or supply of drugs, illegal substances or of alcohol.*

Polasaí na Scoile

Réimse an Pholasaí

- Baineann an beartas seo le gach scoláire, beag beann ar aois, atá ag freastal ar Ghaelcholáiste Phort Láirge ar feadh an ama go léir le linn an lá scoile, le linn gníomhaíochtaí / imeachtaí eagraithe / faoi mhaoirseacht na scoile, is cuma an bhfuil na gníomhaíochtaí / imeachtaí seo ar shuíomh na scoile nó lasmuigh de. Baineann sé freisin le taisteal chuig nó ón scoil nó ag taisteal chuig nó ó ghníomhaíochtaí agus imeachtaí eagraithe agus faoi mhaoirseacht na scoile.
- Bítear ag súil go gcloífidh agus go nglacfaidh múinteoirí, foireann choimhdeach, tuismitheoirí, Bord Bainistíochta agus aon aoichainteoirí, cúntóirí srl. sa scoil nó atá ceangailte le gníomhaíochtaí / imeachtaí nó turais a bhaineann leis an scoil leis an mbeartas seo agus go nglacfaidh siad leis go gcuirfear i bhfeidhm go rathúil é.
- Ní ghlacann Gaelcholáiste Phort Láirge le seilbh, le húsáid ná le soláthar drugaí sa scoil ag am ar bith le linn an lae scoile ná ar thurais /ghníomhaíochtaí eagraithe ag scoil le linn am neamh-scoile ag aon bhall de phobal na scoile.
- **Drugaí Íocshláinte** - Is é an t-aon eisceacht a bhaineann leis an méid thuas ná úsáid íocshláinte dleathach agus ba chóir an scoil a chur ar an eolas roimh ré. Féadfadh go mbeadh cógas tugtha ag dochtúir do scoláire gur gá dó a thógaint i rith an lae. Samplaí coiteanna ann ná leigheas do Phlúcadh agus Diaibéiteas. Ní foláir do thuismitheoirí an Príomhoide a chur ar an eolas faoi aon chás dá leithéid. Meastar, i ngnáthchúrsa imeachtaí, go mbeidh na scoláirí seo ina mbainisteoirí neamhspleácha ar a gcuid cógas féin. Tá cosc iomlán ar scoláirí cógas ordaithe/thar an gcuntar a roinnt le daoine eile. Más gá do scoláire cógas d'aon sórt a thógaint i rith an lae is gá do thuismitheoirí an scoil a chur ar an eolas faoi roimh ré; caithfear an cógas a fhágaint san oifig ar maidin agus é a lorg ann le tógaint nuair is gá.

The School's Policy

Scope of the Policy

- *This policy applies to all students, regardless of age, attending Gaelcholáiste Phort Láirge at all times during the school day, during school organised/supervised activities /events, regardless of whether or not these activities/events are on or off the school premises and grounds. It also applies travelling to or from school or travelling to or from organised and supervised school activities / events.*
- *Teachers, ancillary staff, parents, Board of Management and any guest speakers, assistants etc. in the school or attached to school related activities/events or excursions are expected to observe and accept this policy in order to ensure its successful implementation.*
- *Gaelcholáiste Phort Láirge does not accept the possession, use or supply of drugs in the school at any time during the school day or on school organised trips/activities during non-school time by any member of the school community.*
- ***Medicinal Drugs*** *- The only exception to the above is for legitimate medicinal use and the school should be informed of any such case in advance. A student may be prescribed by his doctor medication that needs to be taken during the school day. Common examples are treatments for Asthma and Diabetes. Parents are expected to inform the Principal of any such case. These students are expected, in the normal course of events, to be independent managers of their own medicines. Students are absolutely forbidden to share with others, prescribed/over-the-counter medication. If a student needs to take medicine of any kind during the day, parents need to inform the school in advance; the medicine must be handed into the office in the morning and sought from there to take when necessary.*

Samplaí de Theagmhais Mhíúsáid Substaintí

Seo a leanas samplaí de theagmhais mhíúsáid substainte nó amhras faoi mhíúsáid substainte:

- Teagmhais éigeandála sa chás go mbeadh an duine gan aithne nó go mbeadh cúnamh leighis uaidh.
- Iompar meisciúil / neamhghnách
- Amhras / ráfla maidir le húsáid drugaí, seilbh nó déileáil
- Nochtadh ag duine eile
- Loiceadh eolais faoi theagmhas drugaí a nochtadh do na húdaráis chuí
- Druga deathach / mídhleathach a shealbhú ar áitreabh na scoile nó ar ghníomhaíocht a bhaineann leis an scoil
- Díol / soláthar drugaí dleathacha /mídhleathacha
- Duine ag iarraidh drugaí a fháil ar áitreabh na scoile
- Duine ag lorg cabhrach ó bhall foirne as mí-úsáid substaintí
- Áitreabh na scoile á n-úsáid le haghaidh gníomhaíocht bainteach le drugaí nó alcóil
- Giúirléidí drugaí faighte ar áitreabh na scoile
- Boladh toitíní nó véipe i bhfoirgnimh scoile nó i dtimpeallacht ina bhfuil scoláirí ar thurais / imeacht lasmuigh den scoil
- Míúsáid aerasóil, lena n-áirítear díbholaíoch spraeála
- Seilbh lastóirí, nó aon tuaslagóra eile
- Seilbh stéaróidigh, spreagthóirí, srl.

Substaintí Coiscthe agus Nósanna Imeachta Araíonachta do Scoláirí

Cuirfer i bhfeidhm prionsabail agus cleachtas tréadach chomh maith le gníomhartha cothroma agus comhsheasmhacha agus nósanna imeachta araíonachta. Aithnímid gur gá cothromaíocht a bheith ann idir riachtanais an scoláire, riachtanais phobal na scoile agus clú na scoile i ngach cás a bhaineann le drugaí.

Ní ghlacfar le ráfla mar fhianaise ar úsáid drugaí ach déanfar é a fhiosrú. Mar aon le gach cás eile, is é éisteacht, scaradh fíricí ó ráflaí agus tacaíocht a sholáthar cur chuige tosaigh na scoile.

Examples of Substance Misuse Incidents

The following are examples of a substance misuse or suspected substance misuse incident:

- *Emergencies when the person may be unconscious or requires medical assistance*
- *Intoxication/unusual behaviour*
- *Suspicion/rumour of drug use, possession or dealing*
- *Disclosure by another person*
- *Failure to disclose knowledge of a drug incident to the appropriate authorities*
- *Possession of a legal/illegal drug on the school premises or on a school related activity*
- *Selling/supplying legal/illegal drugs*
- *Person attempting to procure drugs on school premises*
- *Person seeking help from a member of staff for substance misuse*
- *School grounds being used for drug or alcohol activity*
- *Drug paraphernalia found on school property*
- *Cigarette or vape odours in school buildings or in areas occupied by students on school trips/outings*
- *Misuse of aerosols, including spray deodorants, tippex, srl.*
- *Possession of lighters, or any other solvent*
- *Possession of steroids, stimulants, etc.*

Banned Substances and Disciplinary Procedures for Students

Pastoral principles and practice as well as the use of fair and consistent actions and disciplinary procedures will be used. We acknowledge that in all situations involving drugs, there needs to be a balance between the needs of the student, the needs of the school community and the reputation of the school.

Rumour will not be taken as evidence of drug use but it will be investigated. As with all situations, listening, separating fact from rumour and providing support will be the school's initial approach.

Leanfar na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Chód Iompair nuair a dhéileálfar le haon eachtra a thagann faoi bhráid na scoile maidir le sárú an pholasaí seo.

- **Tá cosc iomlán ar chaitheamh tobac** agus véipeáil mar aon le seilbh toitíní, véipeanna, lastóirí agus lasáin ar áitreabh na scoile, a chomharsanacht agus le linn imeachtaí agus gníomhaíochtaí scoile. Má sháraítear an riail seo leanfar Cód Iompair na Scoile; cuirfear fionraí ón scoil i bhfeidhm láithreach agus déanfar taifead de ar thuairisc an scoláire agus. Cuirfear an Bord Bainistíochta ar an eolas.
- **Tá cosc iomlán ar sheilbh, ceannach, soláthar d'éinne eile nó ól alcóil** ar áitreabh na scoile, a chomharsanacht nó le linn imeachtaí agus gníomhaíochtaí scoile. Má sháraítear an riail cuirfear fionraí ón scoil i bhfeidhm láithreach. Cuirfear an Bord Bainistíochta ar an eolas agus breathnófar ar dhíbirt.
- I nGaelcholáiste Phort Láirge, **tá cosc iomlán ar shealbhú, ceannach, soláthar d'éinne eile, nó tógáil substaintí mídhleathacha** le linn an lae scoile nó le linn gníomhaíochtaí scoile, imeachtaí nó turais agus beidh fionraí láithreach mar thoradh ar aon sárú ar an riail seo. Cuirfear an Bord Bainistíochta ar an eolas agus féadfar díbirt a chur i bhfeidhm. D'fhéadfaí na Gardaí a chur ar an eolas.
- D'fhéadfadh **scoláire a fhaightear i gcuideachta duine ar bith ag úsáid substaint mídhleathach** a bheith faoi réir na smachtbhannaí céanna leis an té a rinne an cion.
- Níl cead aerasóil, tuaslagóirí, tippex leachtach agus marcóirí doscriosta a thabhairt chun na scoile.
- Sa chás go bhfuil amhras ann go bhfuil substaint mhídhleathach nó coiscthe ag scoláire, forchoimeádann an scoil an ceart iarraidh ar scoláirí pócaí a fholmhú agus a iarraidh ar scoláirí taisceadáin, málaí srl. a oscailt ionas gur féidir cuardach a dhéanamh.

Procedures outlined in the Code of Behaviour will be followed in dealing with any incident that comes to the attention of the school regarding a breach of this policy.

- ***Smoking and vaping** are absolutely prohibited as is the possession of cigarettes, vapes, lighters and matches on the school premises, its vicinity and during school functions and activities. The School's Code of Behaviour will be followed if this rule is breached; immediate suspension from school will be imposed and noted on the student's record. The Board of Management will be informed.*
- ***The possession, purchase, supply to another or drinking of alcohol** is absolutely forbidden on the school premises, its vicinity or during school functions and activities. Breach of this rule will involve immediate suspension from school. The Board of Management will be informed and expulsion will be considered.*
- *In Gaelcholáiste Phort Láirge, the **possession, purchase, supply to another, or consumption of illegal substances** during the school day or during school activities, events or trips is strictly forbidden and any breach of this rule will lead to immediate suspension. The Board of Management will be informed and expulsion may be pursued. The Gardaí may be informed.*
- ***A student found in the company of anyone using an illegal substance** may be subject to the same sanctions as the perpetrator .*
- ***Aerosols, solvents, liquid tippex and indelible markers** are not to be brought to school.*
- ***Where a student is suspected of being in possession of an illegal or forbidden substance**, the school reserves the right to request students to empty pockets and to open lockers, bags etc. so that a search can be carried out. Lockers, although rented*

Taisceadáin, cé go bhfuil siad ar cíos meastar go bunúsach gur maoin scoile iad. Coinneofar taifead iomlán ar aon earraí ar a ngabhtar seilbh agus coimeádfar iad in áit shábháilte go dtí go gcríochnófar aon imscrúdú. Cuirfear tuismitheoirí / caomhnóirí ar an eolas.

Ag Déileáil le Teagmhais Mhíúsáide

Nósanna imeachta le leanúint i gcás eachtra mhí-úsáid substainte

- Sa chás go bhfuil baol sláinte tromchúiseach láithreach ann don duine lena mbaineann glaoigh ar dhochtúir agus ar otharcharr láithreach. Más féidir ar slí ar bith, ná fág an duine ina aonar.
- In aon chás ina bhfuil sé soiléir go bhfuil baol láithreach ann do scoláirí eile nó do phobal uile na scoile, forchoimeádann an Scoil an ceart (ag gníomhú tríd an bPríomhoide) aon scoláire a chur ar fionraí nó a bhaint go sealadach ón áitreabh agus / nó ó gníomhaíochtaí scoile ar leith.
- I ngach cás nach bhfuil aon bhaol láithreach ann don duine /daoine, tá sé tábhachtach an cás a mheas go maith. Faigh amach cad a tharla, cé a bhí páirteach ann, cad a bhí i gceist agus cén áit ar tharla an eachtra ach ná déan iarracht anailís a dhéanamh ar shubstaintí anaithnide nó iad a bhlaiseadh.
- Cuir an Príomhoide, Leas-Phríomhoide nó Príomhoide Cúnta ar an eolas.
- Ba chóir na tuismitheoirí / caomhnóirí a chur ar an eolas a luaithe agus is féidir.
- Ba chóir foirm thuairisce ar eachtra a chomhlánú agus a thabhairt don Phríomhoide / Leas-Phríomhoide. Cinnteoidh nós imeachta le taifead scríofa go bhfuil próiseas cothrom ann chun dúshlán a thabhairt don scoláire maidir le hiompar ina ábhar imní.

are deemed to be essentially school property. A full record of any confiscated items will be kept and they will be retained in a secure place pending the completion of any investigation. Parents/guardians will be informed.

Dealing with Incidents of Misuse

Procedures to be followed in the event of a substance misuse incident

- *Where there is a serious immediate health risk to the person concerned call a doctor and an ambulance immediately. If at all possible do not leave the person unattended.*
- *In any case where it is apparent that there is an immediate danger to other students or the whole school community, the School reserves the right (acting through the Principal) to temporarily suspend or remove any student from the premises and/or from any specific school activities.*
- *In all cases where there is no immediate danger to the person(s), it is important to assess the situation thoroughly. Find out what has happened, who was involved, what was involved and where did the incident take place but do not attempt to analyse or taste unknown substances.*
- *Inform the Principal, Deputy Principal or an Assistant Principal.*
- *The parents/guardians should be notified as soon as possible.*
- *An incident report form should be completed and given to the Principal /Deputy Principal. A written recording procedure will ensure that a fair process is in place of challenging the student about behaviour of concern .*

Treoirlínte Sláinte agus Sábháilteachta chun déileáil le teagmhas míúsáid drugaí.

Ba chóir aird ar leith a thabhairt ar shláinte agus ar shábháilteacht phearsanta nuair a bhítear ag déileáil le teagmhas deimhnithe a bhaineann le substaintí mídhleathacha agus giúirléidí drugaí. I gcás teagmhais déanfar an limistéar a shéalú agus a dhaingniú go dtí go dtagann na Gardaí.

Ag filleadh ar an scoil tar éis Teagmhais Dheimhnithe ar Mhíúsáid Substaintí

Féadfaidh go n-iarrfaí ar aon scoláire a nglacfar leis ar ais ar scoil tar éis a bheith páirteach i dteagmhas deimhnithe mhíúsáid substainte cloí le tréimhse mheasúnachta sé mhí inar féidir leis an scolaire:

(a) freastal ar sheisiúin chomhairleoireachta speisialta / idirghabháil theiripeach
agus / nó
(b) Samplaí fola agus / nó fuail a sholáthar le haghaidh tástála drugaí.

Rúndacht

Is é an príomhfhócas in aon eachtra a bhaineann le scoláire ná folláine an scoláire, na foirne agus cháil na scoile. Ní féidir le haon bhall foirne rúndacht iomlán a thairiscint riamh. Aithnítear an gá le cúram mór sa réimse seo mar go bhféadfadh an scoláire dul i dteagmháil le múinteoir mar go bhfuil muinín aige as agus go dteastaíonn cabhair uaidh. Beidh tionchar tábhachtach ag an t-slí a láimhseáiltear an cás seo ar an toradh. Tá sé tábhachtach go mbeadh líon teoranta daoine bainteach le bainistiú a dhéanamh ar an eachtra i ngach teagmhas drugaí amhrasta nó deimhnithe. Cuirfear daoine ar an eolas ar bhonn "Gá a bheith ar Eolas ". Cuirfear an Príomhoide, an Leas-Phríomhoide, an Ceann Bliana agus an duine / na daoine a bhfuil baint díreach acu leis an gcás ar an eolas agus déanfaidh an Príomhoide gach doiciméad scríofa a choimeád faoi rún. Cuirfear an scoláire ar an eolas faoi cad atá ag tarlú agus cén fáth.

Health and Safety Guidelines for dealing with a drug misuse incident.

Great attention should be taken for personal health and safety when dealing with a confirmed incident involving illegal substances and drug paraphernalia. In the event of an incident the area will be sealed off and secured until the arrival of the Gardaí.

Returning to school following a confirmed Substance Misuse Incident

Any student accepted back to school following involvement in a confirmed substance misuse incident may be asked to comply with a six month period of assessment during which the student may be required to:

(a) attend special counselling sessions/ therapeutic intervention
and/or
(b) Provide blood and/or urine samples for drug testing.

Confidentiality

The prime focus in any incident relating to a student is the wellbeing of the student, the staff and the reputation of the school. No member of staff can ever offer total confidentiality. The need for great care in this area is recognised as the student may approach a teacher because they trust her/him and need help. How this situation is handled will have an important bearing on the outcome. It is important that in all suspected or confirmed drug incidents that a limited number of people are involved in managing the incident. People will be informed on a "Need to Know" basis. The Principal, Deputy Principal, Year Head and person/s directly involved in the case will be informed and all written documentation will be held confidentially by the Principal. The student will be informed about what is happening and why.

Tuismitheoirí / Caomhnóirí

Beidh tuismitheoirí / caomhnóirí páirteach i gcónaí má bhíonn eachtra mí-úsáid substainte sa scoil. I gcás tobac / veipeáil beidh na tuismitheoirí / caomhnóirí páirteach i ndiaidh réamh-fhiosrú. Má tharlaíonn eachtra ar thuras / cuairt as an scoil nó ar ghníomhaíocht sheachtarach scoil eagraithe glacfaidh an múinteoir atá i gceannas gníomh láithreach agus leanfar é seo le glao gutháin chuig na tuismitheoirí. I ngach cás eile beidh rannpháirtíocht na dtuismitheoirí láithreach. Déileálfar le gach cás ar bhealach íogair agus nuair is féidir tacaíocht agus / nó idirghabháil a thairiscint don scoláire(í) bainteach chun cabhrú leis/leo na contúirtí a bhaineann le míúsáid substaintí a thuiscint.

Gardaí

Aontaítear go rachaidh an Príomhoide nó duine ainmnithe i dteagmháil leis an Oifigeach Idirchaidrimh Óige (JLO) i gcás teagmhais deimhnithe a bhaineann le substaintí aindleathacha agus go ndéileálfaidh an JLO le haon drugaí a fhaightear in áitreabh na scoile.

Comhairleoireacht agus Cúram Tréadach

D'fhéadfadh go n-iarrfadh an scoil ar ghníomhaireachtaí eile a bheith páirteach nuair a bhíonn dearbhú teagmhais déanta: i.e. FSS. Tástáil drugaí; Comhairleoireacht; Dochtúir. srl. Is gnáthrud nádúrtha é nuair a thiteann eachtra amach go mbraithtear réimse mothúchán éagsúil: fearg, imní, díomá leo siúd atá i gceist srl. Féadfadh, freisin an cuma a bheith ar an scéal go bhfuil gá práinneach teacht ar réiteach láithreach. Ní mór tús áite a thabhairt do curam tréadach cách atá bainteach – scoláirí, tuismitheoirí/ caomhnóirí, foireann. Mar fhreagra ar gach eachtra cuirfear tacaíocht tréadach ar fáil agus i roinnt cásanna d'fhéadfadh go mbeadh gá aththreorú a dhéanamh chuig comhairleoir míúsáid substaine.

Parents/Guardians

Parents/Guardians will always be involved if there is a substance misuse incident in the school. In the case of tobacco/ vaping the parents/guardians will be involved after a preliminary investigation. If an incident occurs on a school tour/ trip or on an external school organised activity immediate action will be taken by the teacher in charge and this will be followed up with a phone call to the parents . In all other cases parental involvement will be immediate . All cases will be handled in a sensitive manner and whenever possible support and /or intervention will be offered to the student(s) concerned to help them realise the dangers of substance misuse.

Gardaí

It is agreed that the Principal or a designated person will contact the Juvenile Liaison Officer (JLO) in the event of a confirmed incident involving illicit substances and any drugs found on the school premises will be dealt with by the JLO.

Counselling and Pastoral Care

The school may ask that other agencies be involved once confirmation of an incident has taken place: i.e. HSE. Drug testing; Counselling; G.P. etc.
It is a natural reaction when faced with an incident to feel a range of emotions: anger, anxiety, disappointment with those involved etc. It may also appear very urgent to resolve the situation very quickly. The pastoral care of all - students, parents/guardians, staff - involved with a drug incident must be a primary concern. In response to all incidents pastoral support will be offered and in some cases referral to a substance misuse counsellor may be required.

Na Meáin

Is féidir le teagmhas drugaí i scoil aird díobhálach na meáin a tharraingt chucu. Feidhmeoidh an Príomhoide nó a (h) ionadaí ceaptha mar urlabhraí. Ní thabharfar aon trácht ar chásanna aonair ach tabharfar soiléiriú nuair is gá, mar shampla: "Tá polasaí ag an scoil chun déileáil le haon teagmhas substaint a bhaineann le míúsáid agus i ngach cás cuirfear na seirbhísí tacaíochta cuí ar fáil nó déanfar rochtain orthu."

Oiliúint

Aithníonn Bord Bainistíochta Ghaelcholáiste Phort Láirge an tábhacht a bhaineann le hoideachas na scolairí, na foirne agus na dtuismitheoirí maidir le substaintí mídhleathacha. Tá tiomantas láidir ag an mBord d'acmhainní agus d'oiliúint cothrom le dáta a sholáthar do phobal uile na scoile.

Oiliúint Scoláirí

- Cuireann Gaelcholáiste Phort Láirge oideachas oiriúnach ar fáil dá scoláirí as a chuid acmhainní féin agus as na hacmhainní a sholáthraíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna dóibh. Tarlaíonn sé seo mar chuid de na cláir oideachais a mhúintear i nGaelcholáiste Phort Láirge faoi láthair. Áirítear leis na cláir seo do scoláirí na Sraithe Sóisearaí Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte, Oideachas Reiligiúnach, Oideachas Sáoránach Sóisialta agus Polaitiúil agus do scoláirí sa tSraith Shinsearach áirítear Oideachas Spioradálta Sóisialta agus Pearsanta.
- Cuirfear le hoideachas ár scoláirí ó am go ham trí úsáid a bhaint as gníomhaireachtaí lasmuigh den scoil agus de réir pholasaí na scoile maidir le gníomhaireachtaí seachtracha a úsáid
- Cuireann Gaelcholáiste Phort Láirge ar chumas a scoláirí freagracht, aibíocht agus

The Media

A drug incident in a school can draw adverse media attention. The Principal or his/her appointed representative will act as spokesperson. No comment will be offered on individual cases but clarification where necessary will be given, for example: "The school has a policy in place to deal with any substance misuse related incidents and in all cases the appropriate support services will be provided or accessed."

Education

The Board of Management of Gaelcholáiste Phort Láirge recognizes the importance of the education of students, staff and parents in relation to illegal substances. The Board has a strong commitment to ongoing up to date resources and training for the whole school community.

Student Education

- *Gaelcholáiste Phort Láirge provides suitable education for its students from its own resources and from within the resources provided by the Department of Education and Skills. This takes place as part of the educational programmes which are presently taught in Gaelcholáiste Phort Láirge. These programmes for Junior Cycle students include Social, Personal and Health Education, Religion and Civic, Social and Political Education and for Senior Cycle students include Spiritual and Social and Personal Education*
- *The education of our students will from time to time be augmented through the use of agencies external to the school and in compliance with the school's policy regarding the use of external agencies.*
- *Gaelcholáiste Phort Láirge enables its students to develop a sense of responsibility, maturity and citizenship, which we believe, helps to equip young*

saoránacht a fhorbairt, a chreidimid, a chuidíonn le daoine óga cinntí aibí agus ciallmhara a dhéanamh. Déantar é seo trí thionscnaimh agus chláir éagsúla a gcuirtear ar fáil do na scoláirí agus spreagtar iad chun páirt a ghlacadh iontu. Samplaí dá leitheid ná:

Club Óige i CYC Farannshoneen
Comhairle na Scoláirí
Comhairle na nÓg agus an Dáil Óg
Gradam Eoin Pól II
Nuálaithe Sóisialta Óga
Scéim na bhFiontraithe Óga
Obair Phobail
Gradam Gaisce
Clár Meantóireachta Piaraí
Bailiúcháin do charthnachtaí ar nós Focus Ireland, Cumann Naomh Uinseann De Pól, srl.

Oiliúint Múinteoirí

- Tabharfar spreagadh gníomhach do gach múinteoir ar mian leo a bheith bainteach le OSPS / OSSP oiliúint chuí a lorg agus tabharfar deis dóibh leas a bhaint as.
- Tabharfar an deis d'aon mhúinteoir i mbun aon Chlár Oideachais Drugaí sa seomra ranga leas a bhaint as oiliúint.
- Gheobhaidh gach múinteoir oiliúint ar Eolas Drugaí agus Feasacht ar Dhrugaí trí fhaisnéis ábhartha a scaipeadh agus aon oiliúint inseirbhíse a theastaíonn.

Oiliúint do Thuismitheoirí

- Tá an scoil ag súil go dtacóidh tuismitheoirí / caomhnóirí go hiomlán le polasaí agus le cur chuige na scoile maidir le míúsáid substainte.
- Teastaíonn tacaíocht agus cúnamh tuismitheoirí / caomhnóirí maidir le hoideachas faoi alcól agus drugaí trí oideachas a chur ar a bpáistí faoin réimse seo sa bhaile agus trí thacú go hiomlán le cláir oideachais an Ghaelcholáiste. Tá an scoil ag súil go gcabhróidh agus go gcomhoibreoidh tuismitheoirí / caomhnóirí go hiomlán agus é ag iarraidh déileáil go cóir

people to make mature and sensible decisions. This is done through various initiatives and programmes that the students are provided with and encouraged to get involved in. Examples of such are:

Club Óige in CYC Farannshoneen
Student Council
Comhairle na nÓg and Dáil Óg
John Paul II Award
Young Social Innovators
Young Entrepreneur Scheme
Community Work
Gaisce Award
Peer Mentoring Programme
Charity Collections eg. Focus Ireland, St. Vincent De Paul, etc.

Teacher Education

- *All teachers who wish to be involved with SPHE/CSPE will be actively encouraged to seek appropriate training and will be given the opportunity to avail of it.*
- *Any teacher delivering any Drug Education Programme in the classroom will be given the opportunity to avail of training.*
- *All teachers will receive Drug Information and Drug Awareness training through dissemination of relevant information and any required in-service training.*

Parental Education

- *The school expects parents/guardians to be fully supportive of the school policy and approach in relation to substance abuse.*
- *The support and assistance of parents / guardians is required in relation to education about alcohol and drugs by educating their children about this area at home and by fully supporting the Gaelcholáiste's education programmes also. The school expects parents /guardians to assist and co-operate fully as it seeks to deal justly and effectively with any incidents that*

agus go héifeachtach le haon eachtraí a d'fhéadfadh teacht chun cinn. • Ionas cuidiú le tuismitheoirí / caomhnóirí an ról seo a chomhlíonadh déanfaidh Gaelcholáiste Phort Láirge: - eolas a chur ar fáil dóibh maidir leis an mBeartas um Úsáid Substaintí seo agus iad a choinneáil ar an eolas faoi nuashonruithe déanta ann, iad a choinneáil ar an eolas faoi chláir agus faoi thionscnaimh a leanfar sa scoil a bhaineann le míúsáid substainte, deiseanna a chur ar fáil do thráthnónta eolais do thuismitheoirí / chaomhnóirí tríd an scoil féin nó trí Choiste Tuismitheoirí na scoile, fáiltiú roimh chomhairliúchán le tuismitheoirí / caomhnóirí maidir leis an úsáid is fearr le baint as na hacmhainní atá ar fáil sa phobal chun tacú leis an scoil i gcur i bhfeidhm an chláir agus anbheartais seo. **Athbhreithniú** Déanfar monatóireacht rialta ar an mbeartas seo agus leasófar an polasaí agus na nósanna imeachta a bhaineann leis go rialta de réir mar is gá.	*may arise.* • *In order to assist parents / guardians in performing this role Gaelcholáiste Phort Láirge will: - make available to them information in relation to this Substance Use Policy and keep them informed of updates to it, keep them informed of programmes and initiatives which are followed in school that relate to substance misuse, provide opportunities for information evenings for parents / guardians through the school itself or through the school's Parents' Committee, welcome consultation with parents/guardians on the best use of available resources in the community to support the school in implementing this programme and policy .* ***Review*** *This policy will be monitored regularly and both the policy and its associated procedures will be amended regularly as necessary.*
Glactha agus faofa ag cruinniú An Bhoird Bhainistíochta ar: Dáta: 25/11/2019 Sínithe: (Príomhoide) Sínithe: (Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta) Athbhreithniú déanta ar:	*Accepted and approved by The Board of Management on:* *Date: 25/11/2019* *Signed:* *(Principal)* *Signed:* *(Chairperson of The Board of Management)* *Date Reviewed:*